II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/267 ÓN gCOIMISIÚN

**an 8 Feabhra 2023**

**lena n-údaraítear cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. a chur ar an margadh mar bhia traidisiúnta ó thríú tír agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha a údaraítear agus atá curtha ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas. Ar bhonn an tsainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3(2), pointe (c), den Rialachán sin, meastar gur bia núíosach bia traidisiúnta ó thríú tír.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) An 28 Márta 2019, chuir an chuideachta DOMENICODELUCIA SPA ("an t-iarratasóir") fógra faoi bhráid an Choimisiúin go raibh rún aici cnónna *Canarium ovatum* Engl. a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia traidisiúnta ó thríú tír i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283. Chuir an t-iarratasóir iarraidh isteach i leith cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. lena dtomhailt sa riocht sin ag an bpobal i gcoitinne.

(4) Comhlíonann an fógra na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283. Go sonrach, sna sonraí a chuir an t-iarratasóir i láthair, léiríodh go bhfuil stair úsáid an bhia shláin ag cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. sna hOileáin Fhilipíneacha.

(5) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, an 13 Nollaig 2021 chuir an Coimisiún an fógra bailí ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás").

(6) Maidir leis an mbia lena mbaineann a chur ar an margadh laistigh den Aontas, níor cuireadh aon agóid chuí-réasúnaithe i ndáil le sábháilteacht faoi bhráid an Choimisiúin ó na Ballstáit ná ón Údarás laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2015/2283.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

(7) An 13 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an tÚdarás an Tuarascáil theicniúil uaidh maidir le fógra a thabhairt faoi cnónna *Canarium ovatum* Engl. mar bhia traidisiúnta ó thríú tír ([3]). Sa tuarascáil sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach cúis imní sábháilteachta iad na sonraí atá ar fáil maidir le comhdhéanamh cnónna *Canarium ovatum* Engl. ná maidir le stair na húsáide a iarrtar ina leith.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún údarú a thabhairt cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. a chur ar an margadh laistigh den Aontas mar bhia traidisiúnta ó thríú tír, agus liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(9) Sa tuarascáil uaidh, thug an tÚdarás dá aire freisin, ar bhonn na fianaise teoranta a foilsíodh maidir le hailléirge bhia a bhaineann le cnónna *Canarium ovatum* Engl., gur féidir coinne a bheith le frithghníomhuithe ailléirgeacha tar éis cnónna *Canarium ovatum* Engl. a thomhailt. Go sonrach, léiríodh i staidéir gur ann do thrasimoibríocht *in vitro* i leith cnónna *Canarium ovatum* Engl. le caisiú agus gallchnó. Maidir le bianna atá ann a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha, tá sé tábhachtach go dtabharfaí faisnéis ina leith go soiléir, chun go mbeidh na tomhaltóirí in ann roghanna feasacha a dhéanamh atá sábháilte dóibh. Dá bhrí sin, maidir le cnónna Canarium ovatum Engl. a chuirtear ar fáil don tomhaltóir, is iomchuí iad a lipéadú go hiomchuí de réir cheanglais Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(10) Ba cheart cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. a chur mar bhia traidisiúnta ó thríú tír ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Údaraítear cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Cuirfear cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. mar bhia traidisiúnta ó thríú tír ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([3]) *EFSA Supporting Publications [Foilseacháin Tacaíochta EFSA]* 2022:EN-7314.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe

| Bia núíosach údaraithe | Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid | | Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise | Ceanglais eile |
|---|---|---|---|---|
| “Cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. | *Catagóir shonraithe bhia* | *Uasleibhéil* | 1. Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is é “cnónna *Canarium ovatum*” agus/nó “cnónna *pili*” agus/nó “cnónna *pili* (*Canarium ovatum*)” an t-ainmniú a bheidh air.<br>2. Ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl., beidh ráiteas á rá go bhféadfadh na cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. a bheith ina chúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha i gcás tomhaltóirí a bhfuil ailléirgí aitheanta orthu le caisiú agus gallchnó. Beidh an ráiteas sin díreach taobh le liosta na gcomhábhar nó, in éagmais liosta comhábhar, díreach taobh le hainm an bhia.” | |
| | Níl sé sonraithe | | | |

(2) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i dTábla 2 (Sonraíochtaí):

| “Bia Núíosach Údaraithe | Sonraíochtaí |
|---|---|
| Cnónna triomaithe *Canarium ovatum* Engl. | **Tuairisc/Sainmhíniú:**<br>Is é atá sa bhia traidisiúnta na cnónna triomaithe neamhrósta *Canarium ovatum* Engl. (fine: Burseraceae) ar a dtugtar cnónna *Pili* de ghnáth. Ní fhaightear cnónna *Pili* ach amháin ó phlandaí *Canarium ovatum* Engl. de na cineálacha Laysa, Magnaye, M. Orolfo, Lanuza agus Magayon, agus is féidir iad a chur ar an margadh leis an mblaosc nó gan í. Is í eithne an chnó an chuid inite de.<br>**Raon tipiciúil an chomhdhéanaimh:**<br>Saill: 57-73 %<br>Próitéin: 11-15 %<br>Uisce: 1-5 %<br>Carbaihiodráití: 8-16,5 %<br>Luaith: 2,8-3,4 %<br>**Critéir mhicribhitheolaíocha:**<br>Múscáin agus giostaí: ≤ 100 CFU/g<br>Áireamh coilíneachtaí iomlán ag 30 °C: ≤ 10 000 CFU/g<br>Baictéir dhrólannacha: ≤ 100 CFU/g<br>*Escherichia coli*: ≤ 10 CFU/g |

| | |
|---|---|
| | *Staphylococcus aureus*: Gan bheith ann in 25 g<br>*Salmonella* spp.: Gan bheith ann in 25 g<br>*Listeria monocytogenes*: Gan bheith ann in 25 g<br>Anaeróib a dhí-ocsaídíonn an tsuilfít: ≤ 10 CFU/g<br>CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta” |